Coimisiún na Meán

# Tuarascáil **2024** maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní



# Réamhrá ón gCoimisiún

Bunaíodh ár n eagraíocht i mí an Mhárta 2023 agus comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht (CÉI) mar chroíphrionsabal againn. Le bliain anuas, táimid i ndiaidh fás ó fhoireann díreach os cionn 40 duine go breis agus 200 ball foirne. Leis an leathnú sin tugadh deis uathúil dúinn chun CÉI a leabú inár gcultúr agus inár gcleachtais ón tús amach.

Lenár gcéad tuarascáil riamh ar an mBearna Phá idir na hInscní, léirítear go bhfuilimid meáite ar CÉI go daingean. Ó mhí an Mheithimh 2024 amach, táimid bródúil nach ann d'aon bhearna phá airmheánach idir na hinscní agus gur ann do bhearna pá mheánach díreach os cionn 9%. Eascraíonn na figiúirí sin as dáileadh na ról ar ghráid éagsúla, rud a chuireann i dtábhacht ár bhfócas ar ionadaíocht chothrom a bhaint amach ar fud gach leibhéil dár n eagraíocht.

Ní hamhlaidh gur cuspóir amháin atá in CÉI, ach le fírinne tá sé ar cheann den dá phríomhcholún dár Straitéis i leith Daoine. Is é a mhúnlaíonn ár gcur chuige de réir mar a leanaimid ag fás, rud a chinntíonn gur ionad oibre í ár n eagraíocht ina mothaíonn an uile dhuine go bhfuil meas orthu, go gcuimsítear iad agus go bhfuil sé de chumhacht acu a bheith rathúil. Ach comhionannas a chur chun cinn ar fud cúrsaí inscne agus gnéithe eile den éagsúlacht, is amhlaidh a neartaítear ár n eagraíocht, agus cothaítear cinnteoireacht, cruthaitheacht agus teacht aniar níos fearr.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, éilítear tiomantas ón uile bhall dár bhfoireann ar bhonn leanúnach. Táimid meáite ar an turas seo i gcónaí, agus tugaimid tús áite do thrédhearcacht agus gníomhú fiúntach ar mhaithe le deiseanna a chruthú do chách, anois agus amach anseo.



# Céard í an Bhearna Phá idir na hInscní?

Is ionann an bhearna phá idir na hinscní agus an difríocht idir meántuilleamh na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire, arna shloinneadh mar chéatadán de thuilleamh na bhfear. Is den tábhacht a thabhairt faoi deara nach léiríonn an bhearna phá idir na hinscní pá neamhionann as obair chomhionann, rud atá mídhleathach. Ina ionad sin, cuireann sí i dtábhacht éagsúlachtaí i meántuilleamh i ngeall ar thosca amhail ionadaíocht i róil shinsearacha agus idirdheighilt fostaíochta.

## Sainmhínithe:

Is ionann an **bhearna phá airmheánach idir na hinscní** agus an difríocht idir na lárphointí i raonta pá na bhfear agus na mban. Tógtar gach tuarastal sa sampla ann, déantar iad a chur i líne ón gceann is ísle go dtí an ceann is airde, agus roghnaítear an tuarastal sa lár.

Is ionann an **bhearna phá mheánach idir na hinscní** agus an difríocht i meánphá na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire.



# Ár bhFigiúirí um an Bhearna Phá idir na hInscní

**Dáta Samplach:** 30 Meitheamh 2024

**An lucht saothair iomlán ar an dáta samplach:** 160



Comhdhéanamh an Lucht Saothair:
- 67% mná
- 33% fir


**0%**
**Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní**

**9.18%**
**Bearna Phá Mheánach idir na hInscní**

Léiríonn ár mbearna phá airmheánach 0% go dtuilleann fir agus mná an méid céanna ag an lárphointe. Mar sin féin, le bearna phá airmheánach 9.18% léirítear gur ann do ró-ionadaíocht bheag i measc na bhfear i róil shinsearacha i gcoibhneas le lucht saothair foriomlán na mban.

# Ár gCeathairíleanna Pá

Léiríonn gach ceathairíl phá 25% dár lucht saothair, arna roinnt ina gceithre ghrúpa a aicmítear ó na saothraithe is ísle go dtí na saothraithe is airde.




## Fostaithe Páirtaimseartha

**30.39%**
**Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní**
i bhfabhar na bhfostaithe is mná

**32.58%**
**Bearna Phá Mheánach idir na hInscní**
i bhfabhar na bhfostaithe is mná

Is oibrithe páirtaimseartha atá i gceist le díreach os cionn 3% dár mbaill foirne, agus is mná iad 80% díobh sin. Léirítear an ionadaíocht níos airde i measc na mban laistigh den ghrúpa ball foirne sin inár mbearna phá airmheánach agus mheánach idir na hinscní.

## Fostaithe ar Conradh Sealadach

Fostaímid líon beag ball foirne ar conradh ar théarma seasta, agus oibríonn 98.13% dár bhfostaithe ar chonradh buan. Thuairiscíomar nár ann d’aon Bhearna Phá Airmheánach ná Mheánach idir na hInscní i leith fostaithe ar conradh sealadach.

# Na Tionchair ar ár mBearna Phá idir na hInscní a Thuiscint

Níl aon bhearna phá airmheánach againn idir na hinscní, rud a thugann le fios go bhfuil dáileadh pá cothrom ann ag lárphointe ár lucht saothair. Eascraíonn an bhearna phá mheánach as éagsúlachtaí in ionadaíocht na bhfear agus na mban ar fud na ngrád poist ar an mórgóir. Cé gur mná a chomhdhéanann 67% den lucht saothair agus go bhfuil ionadaíocht mhaith acu sna róil bainistíochta sinsearaí uile, is amhlaidh is lú a bhíonn siad ann i róil shinsearacha de bheagán, lena n áirítear ar leibhéal an Choimisiúin. Téann éifeacht na dtuarastal ard agus íseal ar an meán i bhfeidhm ar luach an mheáin. Bíonn tionchar mór ag poist an Choimisiúin ar an meán, ós iad na róil dá n íoctar an pá is airde san eagraíocht iad. Ar an dáta samplach, bhí ceann de na poist sin folamh, ach tá ban-Choimisinéir ann ó shin.

# An Méid a Bhaineamar Amach in 2024

## Cultúr Solúbtha agus Ionchuim-sitheach

- **Luachanna Eagraíochtúla:** Leabaíomar na luachanna a bhaineann le hIonracas, Neamhspleáchas, Tionchar, Dírithe ar Dhaoine, Iontaobhas agus Misneach chun meas, ionchuimsitheacht agus cothromas a chothú.
- **Straitéis i leith Daoine:** Is léiriú atá inár Straitéis i leith Daoine, a seoladh ag tús 2025, ar ár dtiomantas don Chomhionannas, don Éagsúlacht agus don Ionchuimsitheacht (CÉI). Agus CÉI mar chroícholún againn, cuirtear chun cinn ann earcaíocht chothrom, dul chun cinn gairme cothrom, agus ionad oibre tacúil inar féidir leis an uile fhostaí a bheith rathúil.
- **Obair Sholúbtha:** Tugadh isteach fleisc-uaireanta agus socruithe oibre cumaisc chun freastal ar riachtanais éagsúla agus chun cothromaíocht oibre is saoil a chur chun feabhais.
- **Fóram CARE na bhFostaithe:** Bunaíodh Fóram um Ghuth na bhFostaithe le haghaidh idirphlé agus rannpháirteachas oscailte.
- **Clár Ionduchtúcháin:** Comhtháthaíodh prionsabail CÉI isteach san ionduchtú chun feasacht a mhúscailt ón tús amach.
- **Príomhimeachtaí a Cheiliúradh:** Díríodh ar thionscnaimh amhail Lá Idirnáisiúnta na mBan chun ár dtiomantas don
- **Creidiúnú Cré-umha:** Ag obair i dtreo Creidiúnú Cré-umha de chuid Investors in Diversity, rud a thaispeánfaidh ár ndul chun cinn in CÉI.

# An Méid a Bhaineamar Amach in 2024

## Beartais Ionchuimsitheacha

Táimid meáite ar chultúr cuimsitheach san ionad oibre a chothú trí bhíthin beartais lena dtacaítear le solúbthacht, cothromaíocht oibre is saoil, agus cúnamh fiúntach don uile fhostaí. Tá ár dtionscnaimh deartha chun cothromas a chur chun cinn agus lena chinntiú go mothaíonn gach ball foirne go bhfuil meas orthu agus go dtacaítear leo.

- **Beartas um Ghnóthú Tallainne:** Cinntítear próiseas earcaíochta atá cothrom, trédhearcach agus ionchuimsitheach, lena gcuirtear comhdheiseanna ar fáil don uile iarrthóir agus lena gcothaítear éagsúlacht an tráth céanna agus lena n ailínítear roghnú tallainne lenár dtiomantas don chomhionannas agus do luachanna eagraíochtúla.
- **Tacaíocht Fheabhsaithe do Theaghlaigh:** Cuimsítear 26 seachtaine de shaoire mháithreachais ar lánphá, naoi seachtaine de shaoire thuismitheora ar lánphá, dhá sheachtain de shaoire atharthachta ar lánphá, agus an bealach is solúbtha chun saoire thuismitheora a ghlacadh do thuismitheoirí leanaí suas go 16 bliana d'aois.
- **Saoire Bhreoiteachta:** Tairgtear teidlíochtaí saoire breoiteachta flaithiúla ar lánphá
- **Samhail na hOibre Cumaisc:** Cuirtear solúbthacht ar fáil chun cuidiú le fostaithe cothromaíocht a bhaint amach idir gealltanais phearsanta agus ghairmiúla.
- **Uaireanta Oibre & Saoire a Bhainistiú:** Amanna tosaigh agus deiridh solúbtha, rud a léiríonn ár dtiomantas do chothromaíocht oibre is saoil agus a thacaíonn le fostaithe a gcuid ama a bhainistiú go héifeachtach.
- **Foghlaim agus Forbairt:** Cinntítear rochtain chothrom ar dheiseanna forbartha, rud a chothaíonn scileanna éagsúla agus timpeallacht chuimsitheach ar mhaithe le fás.
- **Beartas um Shaoire Foréigin Teaghlaigh:** Tugadh isteach é chun tacú le fostaithe a thugann aghaidh ar dhúshláin phearsanta.

# An Méid a Bhaineamar Amach in 2024

## Forbairt Ceannaireachta

- **Mná sa Cheannaireacht:** Tugadh tacaíocht do cheannairí ban trí chláir amhail Clár Forbartha Ceannaireachta Feidhmiúcháin OCBÁC.
- **Conairí Ceannaireachta:** Deiseanna oiliúna cothroma a chur ar fáil chun fás gairmiúil a chothú do chách.

## Cleachtais Earcaíochta

- **Earcaíocht Chothrom:** Próisis agallaimh chaighdeánaithe, painéil atá cothrom ó thaobh inscne de, agus oiliúint ar chlaontuairim neamh-chomhfhiosach d'agallóirí.
- **Fógraí Poist Ionchuimsitheacha:** Úsáideadh teanga atá neodrach ó thaobh inscne de agus cuimsíodh ráiteas ar CÉI.
- **Comhpháirtíocht le *Open Doors Initiative*:** Chuamar i gcomhar chun straitéisí earcaíochta atá dírithe ar an éagsúlacht a bhrú chun cinn.



# Ár dTiomantais do 2025

1. **Straitéis Chuimsitheach CÉI a fhorbairt:** : Ár gcur chuige i leith comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta a neartú agus a chur ar bhonn foirmiúil.

2. **Creidiúnú Airgid:** Tabhairt faoi Chreidiúnú Airgid de chuid Investors in Diversity chun dul chun cinn a thagarmharcáil.

3. **Cleachtais Tallainne a Chur Chun Feabhais:** Cur chuige ionchuimsitheach a ghlacadh i leith tallann a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt.

4. **Moladh um Luach an Fhostaí (EVP):** EVP a fhorbairt atá ailínithe lenár gcuid luachanna agus lenár straitéis chun tallann éagsúil a mhealladh.

5. **Léargais Bunaithe ar Shonraí:** Anailísíocht a úsáid chun píblínte iarrthóirí a mheas trí lionsa na héagsúlachta.

6. **Beartais Nuashonraithe:** Ár mBeartas um Dhínit san Ionad Oibre a athsheoladh agus oiliúint éigeantach ann ar bhulaíocht, ciapadh agus leithcheal.

7. **Beartais a Chur Chun Cinn:** Feasacht ar bheartais um shaoire theaghlaigh agus um shaoire foréigin teaghlaigh a chinntiú.

# Conclúid

Ag Coimisiún na Meán, ní hamháin gur luachanna againn iad comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, ach is cuid dhílis dínn freisin iad. Táimid meáite ar ionad oibre a chothú ina mothaíonn gach fostaí go bhfuil sé de chumhacht acu a lánacmhainneacht a bhaint amach. Agus muid ag obair in éindí le chéile, leanfaimid ar an aistear seo, ag forbairt cultúr cothromais agus sármhaitheasa ar feadh na mblianta amach romhainn.

Coimisiún
na Meán